Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14443/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0370(COD)**

**FIN 1187**
**CODEC 1676**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 596 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 596 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 596 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.11.2022
COM(2022) 596 final

2022/0370 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe á ndéanamh ag an gCoimisiún chun cúnamh airgeadais a chur ar fáil i bhfoirm iasachtaí do thír is tairbhí le roinnt deacáidí anuas. Ráthaítear na hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe faoi bhuiséad an Aontais agus tagann siad faoin raon feidhme níos leithne de chur chun feidhme buiséadach. Leagtar síos rialacha ginearálta maidir le hoibríochtaí den sórt sin in Airteagal 220 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046[1] ('an Rialachán Airgeadais'), lena bhforáiltear gur féidir an Coimisiún a chumhachtú i mbunghníomh iasachtaí a fháil thar ceann an Aontais nó Euratom chun na méideanna comhfhreagracha a thabhairt ar aghaidh ar iasacht do na Ballstáit is tairbhithe nó do na tríú tíortha is tairbhithe faoi na coinníollacha is infheidhme maidir leis na hiasachtaí. Déantar na sreafaí airgid idir na cistí a fuarthas ar iasacht agus na hiasachtaí a mheaitseáil ina gceann agus ina gceann. Ciallaíonn sé sin go bhfuil oibríochtaí margaidh bunaithe ar riachtanais eisíocaíochta, rud a chuireann teorainn leis an bhféidearthacht oibríochtaí iasachtaíochta a phleanáil ar bhealach atá comhleanúnach leis na deiseanna margaidh is fearr agus struchtúr a chur ar aibíochtaí chun na costais is fearr a bhaint amach.

Tá gá le riachtanais chistiúcháin na hÚcráine a shlógadh agus a eisíoc ar bhealach costéifeachtach solúbtha atá fónta ó thaobh airgeadais de, rud a chomhtháthaíonn na riachtanais chistiúcháin uile lena n-áirítear na riachtanais le haghaidh NextGenerationEU ('NGEU'). Tá sé ríthábhachtach go n-eagrófar an cistiú sin faoi mhodh cistiúcháin aonair chun gur féidir freastal ar riachtanais beartais éagsúla ag an am céanna. Chuige sin, is gá Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a leasú chun an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar an modh bunlíne chun oibríochtaí iasachtaíochta a chur chun feidhme, ar straitéis í a chuirtear chun feidhme faoi láthair le haghaidh iasachtaí faoi Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053[2]. Leis an straitéis sin, éascaíodh slógadh rathúil cistí le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha agus iasachtaí faoi Rialachán (AE) 2021/241[3] agus réimse beartas eile de chuid an Aontais in 2022.

Leis sin, beidh an Coimisiún in ann an cúnamh don Úcráin a mhaoiniú faoin Rialachán atá beartaithe lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a chur ar fáil don Úcráin[4] ar bhealach costéifeachtach solúbtha atá fónta ó thaobh airgeadais de chun a áirithiú go ndéanfar cláir uile de chuid an Aontais a bhíonn ag brath ar iasachtaíocht a mhaoiniú go comhthreomhar. Is mó atá i gceist le leathnú raon feidhme chur i bhfeidhm na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe ná riachtanais chistiúcháin na hÚcráine amháin, agus bheadh an straitéis ar fáil d'aon chlár a

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (1) IO L 193/30.7.2018, lch. 1.

[2] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

[4] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a chur ar fáil don Úcráin (cúnamh macrairgeadais +), COM(2022)597.

bheadh ann amach anseo. Cuirfear ar a chumas don Choimisiún an bonneagar a úsáid, rud a éascaíonn pleanáil agus cumarsáid chomhtháite i leith cistiúcháin do mhargaidh.

In éagmais modh cistiúcháin aonair den sórt sin, cheanglófaí ar an gCoimisiún leanúint de chláir chúnaimh airgeadais éagsúla a mhaoiniú ar leithligh. Leis sin, chruthófaí costas agus castacht toisc go mbeadh na cláir chúnaimh airgeadais éagsúla in iomaíocht le haghaidh líon teoranta deiseanna cistiúcháin. Dhéanfaí soláthar fhiachas an Aontais a ilroinnt leis agus laghdófaí leachtacht agus spéis infheisteoirí sna cláir ar leithligh. Dá bhrí sin, tríd an gcúnamh airgeadais ar fad a mhaoiniú trí mhodh cistiúcháin aonair, chuirfí le leachtacht bhannaí an Aontais agus lena dtarraingteacht agus a gcostéifeachtúlacht.

Modh maoiniúcháin atá sa straitéis cistiúcháin éagsúlaithe trína n-eagraítear idirbhearta cistiúcháin ar bhealach atá comhsheasmhach leis na teorainneacha leis an dliteanas airgeadais a údaraítear sna bunghníomhartha chun na cuspóirí beartais a bhaint amach. Ní athraítear na dliteanais airgeadais a eascraíonn as an iasachtaíocht le cur chun feidhme straitéise cistiúcháin éagsúlaithe. Tugann sé níos mó solúbthachta don Choimisiún maidir leis an gcaoi a ndéanann an tAontas acmhainní a shlógadh trí bhannaí a eisiúint.

Agus straitéis cistiúcháin éagsúlaithe á cur i bhfeidhm mar mhodh cistiúcháin aonair, beidh an Coimisiún in ann uainiú agus aibíocht na n-idirbheart cistiúcháin aonair a dhíchúpláil ó na heisíocaíochtaí le tairbhithe. Le comhthiomsú coiteann leachtachta a mhaoinítear trí chistiú gearrthéarmach (billí AE) a eisiúint, cuirtear ar a chumas don Choimisiún íocaíochtaí a eagrú i gcomhréir le sceideal rialta comhaontaithe, rud a bheidh neamhspleách ó uainiú beacht d'eisiúint fhadtéarmach na mbannaí. Leis sin, ceadaítear íocaíochtaí a dhéanamh le tairbhithe gan spleáchas do dhálaí an mhargaidh atá i réim tráth na heisíocaíochta, agus seachnaítear an gá méideanna socraithe a chruinniú i ndálaí luaineacha nó díobhálacha. Thar shaolré an chláir cúnaimh airgeadais, déantar na glandliteanais a ghintear a mheaitseáil go hiomlán le sócmhainní frithchúitimh (méideanna gan íoc, atá fós le haisíoc faoi iasachtaí de réir mar a aibíonn siad[5]). Ar an mbonn sin, urramaítear prionsabail na neodrachta buiséadaí agus an chomhardaithe bhuiséadaigh mar a leagtar amach in Airteagal 310(1) CFAE. Is iad na tairbhithe a íocann na costais ina n-iomláine bunaithe ar mhodheolaíocht aonair maidir le leithdháileadh costas lena n-áirithítear go leithdháiltear na costais ar bhealach trédhearcach comhréireach. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid fós ar thairbhithe an chúnaimh airgeadais na haisíocaíochtaí a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 220(5)(e) den Rialachán Airgeadais.

Ba cheart an comhthiomsú leachtachta a choinneáil ar leibhéil lena gcuirfí ar a chumas don Choimisiún freastal ar na heis-sreafaí uile a bhfuiltear ag súil leo sa ghearrthéarma, bunaithe ar acmhainneacht láidir réamhaisnéise leachtachta. Ós rud e go bhfuil maolán leachtachta mór cuimsitheach ann, atá in ann eisíocaíochtaí a bhainistiú thar tréimhsí fada, ligtear don straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bheith ag feidhmiú gan gá le réitigh eile chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh airgid shealadacha.

Chun tacú le cur chun feidhme na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe is rathúla, ba cheart don Choimisiún, a mhéid is féidir, láithreacht leanúnach sa mhargadh a áirithiú agus, chuige sin, na hidirbhearta uile is gá a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh na costais chistithe is fearr is féidir a bhaint amach agus idirbhearta urrús fiachais an Aontais agus Euratom a éascú. Tá an méid deireanach sin ríthábhachtach chun tacú le rannpháirtíocht ghníomhach an raoin is leithne d'infheisteoirí i margaí le haghaidh ionstraimí fiachais an Aontais.

5 Nó trí aisíocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais le haghaidh ioncam sannta seachtrach faoi NGEU.

Agus an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe á riar, ceanglaítear go gcloítear le tacar amháin rialacha i leith na gclár iasachtaíochta agus iasachtaithe a bhíonn ag brath uirthi. Mar leabhar rialacha aonair maidir le buiséad an Aontais a chur chun feidhme, ba cheart bonn na rialacha sin a sholáthar leis an Rialachán Airgeadais.

Tar éis theacht i bhfeidhm an leasaithe seo ar an Rialachán Airgeadais, glacfaidh an Coimisiún creat rialachais níos leithne, nósanna imeachta um bainistíocht riosca, agus modheolaíocht maidir le leithdháileadh costas, agus cuirfidh sé chun feidhme iad.

Níor cheart feidhm a bheith ag na rialacha nua sin den Rialachán Airgeadais ach amháin maidir le cúnamh airgeadais nua do thríú tíortha a dtiocfaidh a bhunghníomhartha i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm na leasuithe seo ar an Rialachán Airgeadais agus dáta theacht i bhfeidhm an leasaithe chomhthreomhair ar Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 nó dá éis sin.

Mhol an Coimisiún athmhúnlú ar an Rialachán Airgeadais[6] ar a bhfuil scrúdú á dhéanamh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. Ba cheart an togra neamhspleách seo a ghlacadh mar ábhar práinne agus ba cheart na hathruithe a ionchorprú san athmhúnlú atá ar feitheamh le linn an phróisis reachtaigh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tugadh isteach an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe le haghaidh iasachtaíocht NGEU agus bhí rath uirthi go dtí seo sa chomhthéacs sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, beifear in ann úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainneacht iasachtaíochta le haghaidh beartas de chuid an Aontais a d'fheadfadh úsáid a bhaint as oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 322(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Baineann glacadh rialacha ginearálta airgeadais an Aontais le hinniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Leis an togra seo, tugtar isteach na hathruithe is gá chun an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a riar mar mhodh iasachtaíochta aonair agus ní théann sé thar an gcuspóir sin. Uirlis fhíor-riachtanach atá sa mhodh cistiúcháin aonair lenar féidir leis an Aontas eisiúintí a chur ar an margadh ar féidir leo riachtanais chistiúcháin mhéadaitheacha na gclár áirithe a shásamh. Os a choinne sin, bheadh costais níos airde agus castacht ann dá leanfaí le cistiú atá bunaithe ar an eisíocaíocht, agus chuirfí cistiú rathúil na gclár éagsúil de chuid an Aontais i mbaol ar

6 COM/2022/223 final an 16 Bealtaine 2022.

théarmaí buntáiste chostais. Níl rialacha sa togra nach mbeadh gá leo chun cuspóirí an Chonartha a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Níor reáchtáladh comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara maidir leis an leasú teoranta seo.

Is mór ag na hinfheisteoirí agus ag na margaí caipitil tráthrialtacht agus intuarthacht oibríochtaí iasachtaíochta an Aontais. Bhí sé sin indéanta a bhuí leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe.

Léiríodh ón taithí a fuarthas go gcuireann straitéis cistiúcháin éagsúlaithe ar chumas an Aontais dul i dteagmháil le hinfheisteoirí ar bhealach níos éifeachtaí agus fiachas a eisiúint ar bhealach níos éifeachtaí ná a bheith ag leanúint le cur chuige ilroinnte maidir le hiasachtaíocht agus iasachtú, ina ndéantar sreafaí airgid idir na cistí a fuarthas ar iasacht agus na hiasachtaí a mheaitseáil ina gceann agus ina gceann, arb é sin a cheanglaítear faoi láthair le haghaidh cúnamh airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 220(7) den Rialachán Airgeadais. Chuir comhaltaí líonra na bpríomhdhéileálaithe béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le láithreacht rialta sa mhargadh.

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir leis an ráiteas ón gCoimisiún maidir le hathbhreithnithe a dhéanfar ar an Rialachán Airgeadais amach anseo[7], níl gá le measúnú tionchair. Soláthraítear leis an Rialachán Airgeadais na rialacha ginearálta agus an bosca uirlisí chun cláir chaiteachais an Aontais a chur chun feidhme. Chun freastal ar an ionstraim nua le haghaidh tacaíocht airgeadais don Úcráin, ceanglaítear leasuithe teicniúla spriocdhírithe sa Rialachán Airgeadais. Ní hionann na leasuithe spriocdhírithe sin agus roghanna beartais inmharthana don Choimisiún agus dá bhrí sin ní gá measúnú tionchair a dhéanamh. Níl aon tionchar díreach eacnamaíoch, comhshaoil ná sóisialta a thagann as athbhreithnithe ar an reachtaíocht, a bhféadfaí anailís a dhéanamh orthu go héifeachtach i measúnú tionchair.

**Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Cé nach dtagann an leasú seo ar an Rialachán Airgeadais faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), cuireann sé leis an gclár oibre maidir le rialáil níos fearr. Leis an togra seo, freagraítear don riachtanas feabhas a chur ar na forálacha maidir le cistiú le haghaidh cúnamh airgeadais agus ginearálú a dhéanamh ar an bhféidearthacht straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a úsáid. Tá an cur chuige atá beartaithe go hiomlán i gcomhréir leis an gcreat le haghaidh creat rialacháin níos fearr agus iarrachtaí simplithe.

**Cearta bunúsacha**

Comhlíonann an togra Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.

[7] 2018/C 267 I/01.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí díreacha ag an togra don leibhéal leithreasuithe i mbuiséad an Aontais. Beidh sé d'oibleagáid fós ar thairbhithe an chúnaimh airgeadais na haisíocaíochtaí a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 220(5)(e) den Rialachán Airgeadais agus i gcomhréir le prionsabail bhuiséadacha na bainistíochta fónta airgeadais agus cothromaíochta. Is iad na tairbhithe a íocann na costais iasachtaíochta bunaithe ar mhodheolaíocht aonair maidir le leithdháileadh costas lena n-áirithítear go leithdháiltear na costais ar bhealach trédhearcach cothrom.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá feidhm ag na hoibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe faoin Rialachán Airgeadais.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le Mír 1 d'Airteagal 1, scriostar Airteagal 220(2) agus (7) den Rialachán Airgeadais chun modhanna iasachtaíochta na straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a choigeartú.

Le Mír 2 d'Airteagal 1, cuirtear isteach Airteagal 220ú nua sa Rialachán Airgeadais chun straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh cistiúcháin aonair.

Déantar foráil in Airteagal 2 maidir leis an teacht i bhfeidhm agus leis an riail idirthréimhseach ar dá réir nach mbeidh feidhm ag na leasuithe ach amháin maidir leis an gcúnamh airgeadais a dtiocfaidh na bunghníomhartha a bhaineann leo i bhfeidhm tar éis an 9 Samhain 2022.

2022/0370 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 322(1) de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 220 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an 'Rialachán Airgeadais'), foráiltear faoi láthair go bhfaigheann an Coimisiún iasachtaí thar ceann an Aontais nó Euratom chun na méideanna comhfhreagracha a thabhairt ar aghaidh ar iasacht do na Ballstáit is tairbhithe nó do na tríú tíortha is tairbhithe faoi na coinníollacha is infheidhme maidir leis na hiasachtaí. I ndáil leis sin, déantar na sreafaí airgid idir na cistí a fuarthas ar iasacht agus na hiasachtaí a mheaitseáil ina gceann agus ina gceann. Ciallaíonn sé sin nach mór don Aontas oibríochtaí margaidh a chur i gcrích atá bunaithe ar riachtanais eisíocaíochta gach cás sonrach ina dtugtar iasachtaí, rud a chuireann teorainn leis an bhféidearthacht oibríochtaí iasachtaíochta éagsúla a phleanáil agus struchtúr a chur ar aibíochtaí éagsúla ar bhonn comhleanúnach chun na costais is fearr a bhaint amach.

(2) Cruthaítear costas agus castacht nuair a mhaoinítear cláir chúnaimh airgeadais trí mhodhanna cistiúcháin ar leithligh toisc go mbíonn na cláir chúnaimh airgeadais éagsúla in iomaíocht le haghaidh líon teoranta deiseanna cistiúcháin. Déantar soláthar fhiachas an Aontais a ilroinnt leis agus laghdaítear leachtacht agus spéis infheisteoirí sna cláir ar leithligh, cé go bhfuil an seasamh ard creidmheasa céanna ag urrúis fiachais uile an Aontais. Ba cheart cúnamh airgeadais a eagrú faoi mhodh cistiúcháin aonair lena gcuirtear le leachtacht bhannaí an Aontais agus le tarraingteacht agus costéifeachtúlacht eisiúint an Aontais.

(3) Cuirtear béim ar an méid sin go háirithe i gcomhthéacs reatha na tacaíochta airgeadais don Úcráin i bhfianaise a riachtanas práinneach airgeadais. Léiríodh na míbhuntáistí a bhaineann le cur chuige ilroinnte maidir le fiachas an Aontais a eagrú leis an taithí a

[8] IO C […], […], lch. […].

fuarthas le déanaí maidir le riachtanais chistiúcháin na hÚcráine. Chun seasamh an Aontais mar eisitheoir fiachais arna sloinneadh in euro a dheimhniú, bheadh sé ríthábhachtach gach eisiúint nua a eagrú trí mhodh cistiúcháin aonair.

(4) Leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, éascaíodh slógadh rathúil cistí le haghaidh deontas agus iasachtaí faoi Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] agus réimse clár eile de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2020/2094[10]. I bhfianaise na castachta a mheastar a bheidh i gceist leis na hoibríochtaí is gá chun riachtanais phráinneacha airgeadais na hÚcráine a shásamh, agus chun oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe amach anseo a réamh-mheas, is iomchuí straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar an modh cistiúcháin aonair chun oibríochtaí iasachtaíochta a chur chun feidhme.

(5) Bunaíodh an tsamhail le haghaidh modh cistiúcháin aonair den sórt sin, agus an chuid is mó de ghnéithe an bhonneagair a bhfuil gá leis chun an modh sin a chur chun feidhme, i bhfoirm na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe faoi Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053[11] chun bearta faoi Rialachán (AE) 2020/2094 a mhaoiniú. Agus an straitéise sin á húsáid, ba cheart cur chun feidhme solúbtha an chláir chistiúcháin a éascú, agus prionsabail na neodrachta buiséadaí agus an chomhardaithe bhuiséadaigh á n-urramú go hiomlán ag an am céanna mar a leagtar amach in Airteagal 310(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (‘CFAE’). Ba cheart do na tairbhithe na costais a íoc ina n-iomláine bunaithe ar mhodheolaíocht aonair maidir le leithdháileadh costas lena n-áirithítear go leithdháiltear na costais ar bhealach trédhearcach comhréireach. Ba cheart é a bheith d’oibleagáid fós ar thairbhithe an chúnaimh airgeadais na haisíocaíochtaí a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 220(5), pointe (e) den Rialachán Airgeadais.

(6) Chun an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme, cheanglófaí go gcloífí le tacar amháin rialacha i leith na gclár iasachtaíochta agus iasachtaithe a bhíonn ag brath uirthi. Ba cheart na rialacha sin a chur le rialacha airgeadais cothrománacha sa Rialachán Airgeadais, arna ghlacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322, CFAE.

(7) Ba cheart níos mó solúbthachta a bheith ag an Coimisiún de bharr straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, ar solúbthacht í a bhaineann le huainiú agus aibíocht na n-idirbheart cistiúcháin aonair agus lena n-éascaítear eisíocaíochtaí rialta seasta chuig tíortha éagsúla is tairbhithe. Ba cheart an straitéis a bhunú ar chomhthiomsú ionstraimí cistiúcháin. Leis sin, thabharfaí solúbthacht don Choimisiún íocaíochtaí leis na tairbhithe a eagrú gan spleáchas do dhálaí an mhargaidh tráth na heisíocaíochta, agus an cás a sheachaint a mhéid is féidir ina mbeadh ar an gCoimisiún méideanna socraithe a chruinniú i ndálaí luaineacha nó díobhálacha.

(8) Chuige sin, bheadh gá le comhthiomsú leachtachta a chur ar bun. Bheadh acmhainneacht chistiúcháin an Aontais níos athléimní mar thoradh ar fheidhm leachtachta láraithe den sórt sin, agus bheadh sí in ann neamhréireanna sealadacha idir

---

[9] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

[10] Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

[11] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

na hinsreafaí agus na heis-sreafaí a sheas, bunaithe ar acmhainneacht láidir réamhaisnéise.

(9) Ba cheart don Choimisiún na hidirbhearta uile is gá a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh láithreacht leanúnach sa mhargadh a áirithiú, na costais chistithe is fearr a bhaint amach agus idirbhearta urrús fiachais an Aontais agus Euratom a éascú.

(10) Agus an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe á leathnú chuig réimse clár níos leithe, is iomchuí, dá bhrí sin, go mbunóidh an Coimisiún na socruithe is gá chun í a chur chun feidhme. Ba cheart creat rialachais, nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus modheolaíocht maidir le leithdháileadh costas a bheith iontu, agus ba cheart Airteagal 220(5), pointe (e) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a urramú leo. Chun an trédhearcacht a áirithiú, ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta agus go cuimsitheach faoi gach gné dá straitéis eisiúna agus bainistithe fiachais.

(11) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus comhlíonadh i leith cúnamh airgeadais a deonaíodh cheana agus i leith cúnamh airgeadais faoi Rialachán lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a chur ar fáil don Úcráin[12] a moladh go comhuaineach, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin maidir le cúnamh airgeadais nua a dtiocfaidh a bhunghníomhartha i bhfeidhm an 9 Samhain 2022 nó dá éis sin.

(12) I bhfianaise na práinne a bhaineann leis na himthosca eisceachtúla atá ann mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar, meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a agairt.

(13) I bhfianaise na staide san Úcráin atá ann faoi láthair, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

(14) Dá bhrí sin, ba cheart forálacha comhfhreagracha an Rialacháin Airgeadais a leasú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 mar a leanas:

(1) In Airteagal 220, scriostar mír 2 agus mír 7.

(2) Cuirtear an tAirteagal 220a seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 220:

"*Airteagal 220a*

**Straitéis cistiúcháin éagsúlaithe**

1. Seachas i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, cuirfidh an Coimisiún straitéis cistiúcháin éagsúlaithe chun feidhme a chuimseoidh oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais chun cláir cúnaimh airgeadais agus na hiasachtaí a údaraítear faoi Airteagal 5(1) den Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 a chistiú. Cuirfear an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe i bhfeidhm trí na hidirbhearta uile is gá lena ndírítear ar

[12] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a chur ar fáil don Úcráin (cúnamh macrairgeadais +), COM(2022)597.

láithreacht tráthrialta sa margadh caipitil, beidh sí bunaithe ar chomhthiomsú ionstraimí cistiúcháin agus bainfear úsáid as comhthiomsú coiteann leachtachta.

2. Bunóidh an Coimisiún na socruithe is gá ar mhaithe leis an straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go tráthrialta agus go cuimsitheach faoi gach gné dá straitéis eisiúna agus bainistithe fiachais."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhme aige maidir le cláir cúnaimh airgeadais a dtiocfaidh na bunghníomhartha a bhaineann leo i bhfeidhm an 9 Samhain 2022 nó dá éis sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*